



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Márta 2022
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0074(COD)

7374/22
ADD 2

EF 86
ECOFIN 245
CODEC 325

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	17 Márta 2022
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	SWD(2022) 76 final
Ábhar:	DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 a mhéid a bhaineann le haraíonacht socraíochta, soláthar trasteorann seirbhísí, comhar maoirseachta, soláthar seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta agus ceanglais maidir le taisclanna lárnacha urrús tríú tír

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2022) 76 final.

Faoi iamh: SWD(2022) 76 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.3.2022
SWD(2022) 76 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN
ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ
TIONCHAIR**

a ghabhann leis an doiciméad

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena
leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 a mhéid a bhaineann le haraíonacht
socráíochta, soláthar trasteorann seirbhísí, comhar maoirseachta, soláthar seirbhísí
coimhdeacha de chineál baincéireachta agus ceanglais maidir le taisclanna lárnacha
urrús tríú tír**

{COM(2022) 120 final} - {SEC(2022) 160 final} - {SWD(2022) 75 final}

Bileog Achoimre Feidhmiúcháin
Measúnú tionchair ar [togra maidir le CSDR (REFIT)].
A. An gá le beart a dhéanamh
Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?
Tá ról ríthábhachtach ag taisclanna lárnacha urrús (TLUnna) maidir le maoiniú an gheilleagair, eisiúint agus athruithe ina dhiaidh sin ar úinéireacht dhlíthiúil na n-idirbheart urrús go léir a thaifeadadh. Faoi dheireadh 2019, bhí EUR 53 thrilliún d'urrúis i seilbh TLUnna AE agus cuireadh idirbhearta dar luach thart ar EUR 1 120 trilliún i gcrích. In 2014, ba é ab aidhm do CSDR socraíocht trasteorann a éascú, sábháilteacht na margaí socraíochta a fheabhsú agus cur le héifeachtúlacht socraíochta. Seacht mbliana i ndiaidh CSDR a ghlacadh, feictear an méid a leanas do gheallsealbhóirí: (i) dul chun cinn teoranta ar sholáthar seirbhísí trasteorann ag TLUnna; (ii) réimsí sonracha ina mbíonn na costais chomhlíontachta díréireach; agus (iii) údaráis AE ag maíomh nach leordhóthanach an léargas ar ghníomhaíochtaí TLUnna tríú tír. Sainaithníodh na cúiseanna a leanas le haghaidh na bhfadhbanna sin sa mheastóireacht: (i) ceanglais throma dhoiléire maidir leis an nós imeachta pas; (ii) comhar neamhleor idir na húdaráis i mBallstáit bhaile agus i mBallstáit aíochta; (iii) ceanglais shriantacha maidir le seirbhísí baincéireachta a sholáthar; (iv) ceanglais dhoiléire agus throma le haghaidh araíonacht socraíochta; agus (v) easpa faisnéise faoi ghníomhaíochtaí TLUnna tríú tír san Aontas Eorpach. Mura dtabharfar aghaidh ar na fadhbanna sin, leanfaidh bonnchloch ríthábhachtach d'aontas margaí caipitil de bheith neamhéifeachtúil, chun dochair d'infheisteoirí, d'eisitheoirí, do bhainc agus do thaisclanna lárnacha urrús. Leanfaidh tírdhreach iarthrádála an Aontais de bheith ilroinnte ar bhonn náisiúnta, rud a lagóidh infheistíocht agus a chuirfidh teorainn le deiseanna eisiúna, rud a rachaidh chun dochair don chóras airgeadais agus don fhás san Aontas.
Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?
Is é an aidhm atá ann i gcónaí sábháilteacht agus éifeachtúlacht na margaí socraíochta a áirithiú. Tá sé d'aidhm aige go sonrach an nós imeachta pas a shimpliú, an comhar idir maoirseoirí san Aontas a fheabhsú, rochtain na dtaisclann lárnach urrús ar sheirbhísí baincéireachta a bhaineann le socraíocht a fheabhsú, bearta maidir le haraíonacht socraíochta a shoiléiriú agus comhréireacht na mbeart sin a fheabhsú agus a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis is gá ag údaráis an Aontais maidir le gníomhaíochtaí TLUnna tríú tír.
Cad é an breisluach atá le beart ar leibhéal an Aontais?
Leagadh béim i bPlean Gníomhaíochta 2020 maidir le hAontas na Margaí Caipitil (CMU) go bhféadfadh CSDR a bheith ina chabhair chun tírdhreach iarthrádála níos comhtháite a fhorbairt san Aontas agus chun cur le forbairt Aontas na Margaí Caipitil. Ní féidir leis na Ballstáit agus na maoirseoirí náisiúnta cuspóirí CSDR a bhaint amach leo féin: ní féidir leo na deacrachtaí a eascraíonn as ceanglais throma dhoiléire ná na rioscaí a eascraíonn as cleachtais mhaoirseachta náisiúnta éagsúla a réiteach, go háirithe i gcás ina n-eascraíonn siad as reachtaíocht phríomhúil nó thánaisteach. Ní féidir le húdaráis náisiúnta aghaidh a thabhairt ar na rioscaí do chobhsaíocht airgeadais an Aontais, ar rioscaí iad a d'fhéadfadh eascairt as easpa faisnéise maidir le gníomhaíochtaí TLUnna tríú tír. Mar sin, is féidir cuspóirí CSDR, mar gheall ar scála agus cineál na ngníomhaíochtaí, a bhaint amach ar bhealach níos fearr ar leibhéal an Aontais i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CFAE.

B. Réitigh
Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?
Áirítear an méid seo a leanas sa phacáiste roghanna atá beartaithe: nós imeachta pas simplithe le haghaidh seirbhísí trasteorann; coláistí maoirseachta sainordaitheacha a bhunú; soláthar seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta a éascú; leasuithe ar an gcóras araíonachta socraíochta; agus athruithe ar na rialacha maidir le taisclanna lárnacha urrús tríú tír.
Is roghanna reachtacha iad na roghanna beartais atá beartaithe, ós rud é gurb é CSDR a rialaíonn oibriú na seirbhísí socraíochta san Aontas. Tá creat rialála cuimsitheach ag CSDR maidir le socraíocht ionstraimí airgeadais san Aontas Eorpach chomh maith le comhrialacha maidir le heagrú agus stiúradh TLUnna chun socraíocht shábháilte agus éifeachtúil a chur chun cinn. Is institiúidí a bhfuil tábhacht shistéamach leo iad

taisclanna lárnacha urrús le haghaidh margaí airgeadais agus ní mór dóibh oibriú faoi chreat rialála aontaithe chun sláine an mhargaidh aonair do sheirbhísí airgeadais a áirithiú. Go deimhin, eascraíonn go leor de na fadhbanna as forálacha CSDR. Ar na cúiseanna sin, i gcoitinne, ní dheanadh roghanna neamhreachacha a mheas.

Rinneadh measúnú ar réimse leathan roghanna chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a sainithníodh. Cuireadh cuid acu i leataobh ag céim luath ar an ábhar nach raibh siad ag teacht le creat dlíthiúil an Aontais nó leis an aidhm margadh athléimneach éifeachtúil socraíochta a áirithiú san Aontas Eorpach, i.e. ceanglas a thabhairt isteach do bhainc cheannais rochtain ar airgead bainc ceannais a éascú nó úsáid neamhtheoranta a bhaint as bainc chun seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta a chur ar fáil. Caitheadh cinn eile amach ar an ábhar go bhfuil siad neamhéifeachtúil ó thaobh costais de (maoirseacht AE a thabhairt isteach).

Cé hiad na geallsealbhóirí éagsúla agus cé na bearta is rogha leo?

Tá tacaíocht leathan ag na geallsealbhóirí ar na roghanna atá roghnaithe. Tacaíonn formhór na ngeallsealbhóirí, i dtéarmaí ginearálta, le bearta chun soláthar trasteorann seirbhísí a éascú. Tacaíonn taisclanna lárnacha urrús, go háirithe, go láidir le soiléirithe ar na rialacha nós imeachta pas agus ar na rialacha maidir le seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta. Tacaíonn a lán geallsealbhóirí le comhar feabhsaithe idir údaráis nó leis an bhféidearthacht níos mó faisnéise a bheith acu maidir le taisclanna lárnacha urrús tríú tír a sholáthraíonn seirbhísí san Aontas. Tacaíonn formhór na bhfreagróirí sa chomhairliúchán poiblí le córas araíonachta socraíochta níos comhréirí.

C. Tionchar na rogha tosaíochta

Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?

Beidh tionchar dearfach ag an bpacáiste foriomlán roghanna trí rialáil níos comhréirí a dhéanamh ar thaisclanna lárnacha urrús agus trí fheabhas a chur ar iomaíochas mhargadh socraíochta an Aontais. An nós imeachta pas a shimpliú trí fhógra simplí a thabhairt ar leibhéal an Bhallstáit áíochta (seachas formheas roimh ré mar atá beartaithe faoi láthair), d'fhéadfadh sé sin EUR 10 milliún a shábháil do **na taisclanna lárnacha urrús** sa chéad bhliain agus thart ar EUR 4 mhilliún in aghaidh na bliana ina dhiaidh sin. Dhéanadh athruithe maoirseachta a bhaineann le coláistí maoirseachta a bhunú nó leasuithe ar sholáthar seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta níos imeachta a shruthlíniú, as a dtiocfadh maoirseacht níos comhleanúnaí agus rochtain níos éasca ar sheirbhísí áirithe. Is deacair na tairbhí sin a chainníochtú, ach meastar go mbeidh siad suntasach do ghnólachtaí agus do rialálaithe. Maidir le gnéithe den chóras araíonachta socraíochta a shoiléiriú agus a chur siar, is iad na príomhthairbhí a bheadh i gceist costais iarchurtha; i.e. costais chun nascadh le gníomhairí ceannach isteach le haghaidh rannpháirtithe sa mhargadh nó an méid trádála nach n-imeodh as nó nach n-aistreofaí chuig ionaid nach bhfuil san Aontas Eorpach (4 %-5 % den láimhdeachas iomlán meastar). D'fhéadfadh simpliú an nós imeachta pas agus tuilleadh soiléireachta faoin gcóras araíonachta socraíochta cuid d'ualach riaracháin **ÚEUM** a mhaolú ó thaobh ceisteanna agus freagraí de. Faoi dheireadh, ba cheart tionchar na roghanna beartais tosaíochta ar údaráis náisiúnta a bheith dearfach i gcoitinne. Go háirithe, d'fhéadfadh na costais agus an t-am a chaitear ar an nós imeachta pas a bheith níos ísle do **ÚINanna** dá dtabharfaí fógra do na ÚINanna go simplí.

Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?

Ó thaobh costas de, bheadh tionchar den chuid is mó ar **ÚEUM** ag an rannpháirtíocht i gcoláistí sainordaitheacha agus ag an gceanglas fógra le haghaidh taisclanna lárnacha urrús tríú tír, cé gur costas aonuaire a bheadh sa cheann deireanach sin. Bheadh glantionchar foriomlán na roghanna beartais tosaíochta ar **ÚINanna** dearfach. Féadfaidh ÚINanna costais a thabhtú i ngeall ar (i) an gá atá le faireachán níos dlúithe a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí coimhdeacha baincéireachta a dhéantar faoin gcreat nua atá beartaithe (i.e. tairseacha níos airde agus deis a bheith ag taisclanna lárnacha urrús seirbhísí baincéireachta a sholáthar do thaisclanna lárnacha urrús neamhbhaincéireachta) (ii) a rannpháirtíocht i gcoláistí sainordaitheacha (nó iad a eagrú). Mar sin féin, ag an am céanna, ba cheart costais níos ísle a bheith ar ÚINanna de bharr na níosanna imeachta simplithe pas. Ar deireadh, mar gheall ar an gceanglas fógra le haghaidh taisclanna lárnacha urrús tríú tír, d'fhéadfadh ÚINanna faisnéis mhéadaithe a fháil ó ÚEUM chun rioscaí a shainaithint agus faireachán a dhéanamh orthu. Is deacair na costais sin a chainníochtú ach bheadh teorainn leo toisc nach n-athrófaí na socrúithe maoirseachta. Níltear ag súil le haon tionchar sóisialta ná le haon tionchar ar an gcomhshaol.

Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?

Meastar nach mbeidh aon tionchar ábhartha díreach ag na roghanna beartais atá beartaithe ar ghnólachtaí. Mar sin féin, cruthófar leo córas socraíochta níos éifeachtúla agus níos fónta, go háirithe trí dheireadh a chur le

neamhéifeachtúlachtaí agus tríd an iomaíocht a chur chun cinn (e.g. trí bhearta chun soláthar seirbhísí trasteorann a éascú agus trí chostais dhíreireacha a laghdú). Beidh tionchar dearfach indíreach aige sin ar gach gnólacht, ach go háirithe ar FBManna a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as costas caipitil níos ísle toisc go bhféadfadh a n-urrúis leachtacha éirí níos leachtaí. Le chéile, d'fhéadfadh na leasuithe atá beartaithe cabhrú le FBManna a mhealladh chuig margaí caipitil agus cur le margadh airgeadais AE láidir agus comhtháite a fhorbairt.

An imreofar tionchair shuntasacha ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?

Ní imreofar. Bheadh tionchar teoranta ag na roghanna beartais tosaíochta ar ÚINanna ach bheadh an tionchar sin dearfach i gcoitinne.

An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?

Ní bheidh.

D. Obair leantach

Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?

Déanfar éifeachtacht an bheartais a mheas i gcoinne chuspóirí ginearálta CSDR agus chuspóirí sonracha an athbhreithnithe, 5 bliana tar éis feidhm a bheith ag na bearta. Áirítear ar na táscairí: líon na dtaisclann lárnach urrús a sholáthraíonn seirbhísí trasteorann; líon na gcoláistí maoirseachta arna mbunú; líon na dtaisclann lárnach urrús a fhaigheann rochtain ar sheirbhísí baincéireachta; fás socraíochta in airgeadraí eachtracha; rátaí éifeachtúlachta socraíochta; líon na dtaisclann lárnach urrús tríú tír a dhéanann iarratas ar aitheantas/ar fhógra a chomhdú.